

## Scoil Ursula

### ● Teideal: Plean Gaeilge

### ● Réamhráiteas

Cuireadh an Plean Gaeilge seo le chéile tar éis trí lá inseirbhíse agus bhí foireann teagaisc Scoil Ursula i gcomhar leis an mBord Bainistíochta páirteach i ndréachtú an phlean Gaeilge seo. Déanadh athbhreithniú ar an bplean seo Márta 2009.

Tá gá leis an bPlean seo chun an curaclam a chur i bhfeidhm sa scoil; i dtreo is go mbeidh leanúnachas ó rang go rang; agus chun an Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil.

### ● Fís agus Aidhmeanna

Is scoil 22 oide í Scoil Ursula, atá suite i mbaile Shligigh. Scoil mheascithe í le hidir cailíní agus buachaillí ag freastal ar an scoil seo. Is scoil chlochair í Scoil Ursula, faoi choimirce Mná Rialta na nUrsulach, cé nach bhfuil mná rilata ar fhoireann teagaisc na scoile i láthair na huair. Le blianta beaga anuas, tá lear mór daltaí ó thíortha eile ag freastal ar an scoil seo. Foghlamaíonn chuile dhalta scoile Gaeilge. (*seachas daltaí áirithe le diolúine ó nGaeilge acu.*)

Ta déarcadh dearfach ag an bhFoireann Teagasic i leith na Gaeilge. Agus Gaeilge ar a dtóil ag an múinteoirí. Labharaíonn na múinteoirí Gaeilge le chéile, agus tá neart prionta timpeallachta crochta ar fud na scoile. Cloistear Gaeilge á labhairt ar an gcóras bolscaire.

Tá sé mar aidhm ag an bhFoireann Teagaisc léargas a thabairt do dhaltaí Scoil Ursula ar an nGaeilge mar theanga agus mar ábhar tríd na himeachtaí éagsúla cultúrtha a eagraítear le linn na scoilbhliana dóibh, mar shampla; rince gaelach múinte sa scoil, feadóg stáin múinte; imeachtaí éagsúla le linn Seachtain na Gaeilge ; ceolchoirm, drámaí, seisiún amhránaíochtaí, ceilí. Sa chaoi seo éiríonn linn feacht cultúir na Gaeilge a spreagadh ‘sna daltaí, cé í a gcéad teanga í.

#### a. Aidhmeanna:

- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn.
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú.
- Taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú.
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireacht an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di fein agus don chineál scoile
- Feacht teanga agus feacht cultúir a chothú.
- Cúram a dhéanamh d’fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste.
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

## ● **Ábhar an Phlean**

### 1. **Curaclam na Gaeilge**

#### 1. *Cur Chuige Cumarsáideach:*

Tuigimid go mbaineann an Cur Chuige Cumarsáide le gach gné de churaclam na Gaeilge, agus leis na snáitheanna uile, Eisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht.

Na gnéithe is tábhachtaí de cheacht cumarsáideach

- **díriú ar ghánna an pháiste: intleachtúil, fisiceach agus mothúchánach**
- **ábhar teagaisc agus foghlama páistelárnach**
- **feidhmeanna teanga réalaíocha le comhlíonadh**
- **comhthéacsanna atá réalaíoch do shaol an pháiste a úsáid**
- **an páiste a bheith gníomhach agus tascanna le déanamh aige/aici**
- **ionchur teanga le fáil ar bhealaí éagsúla mar ullmhúchán don fhíorchumarsáid**
- **bearna eolais le líonadh trí cheisteanna a chur agus a fhreagairt**
- **an bhéim ar úsáid chuí na teanga**
- **cumarsáid mar sprioc le gach ceacht a bhfuil cuspóir cinnte aige**
- **rogha éigin a bheith ag an bpáiste faoin ábhar foghlama**
- **an múinteoir ag glacadh le hidirtheanga an pháiste mar chuid den phróiseas foghlama**
- **gníomhaíochtaí réamhchumarsáide, tascanna agus cluichí cumarsáide agus gníomhaíochtaí iarchumarsáide a bheith sna ceachtanna.**

#### 2. *Feidhmeanna Teanga:*

Séard atá i gceist le Feidhmeanna Teanga ná an leas difriúil a bhaintear as an mGaeilge i suíomhanna éagsúla cumarsáide, mar shampla, beannú do dhuine, aithint, tuairisciú. Tá 6 chatagóir Feidhmeanna Teanga ann:

1. **caidreamh sóisialta a dhéanamh**
2. **dearcadh a léiriú agus a lorg**
3. **dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile**
4. **eolas a thabhairt agus a lorg**
5. **struchtúr a chur ar chomhrá**
6. **soileiriú a lorg i gcomhrá**

Baineann catagóir 1-4 leis an Naíonaín go Rang 2, agus baineann catagóir 1-6 le Rang 3-6. Roghnaigh an fhoireann teagaisc na heiseamláirí do na rannóga éagsúla agus múintear na heiseamláirí seo le linn na gceachtanna Gaeilge, i gcomhthéasc na dtéamaí. Déanann na hoidí leasú ar na feidhmeanna teanga de réir mar a oireann.

Glacaimid leis gurb iad na feidhmeanna teanga croílár an Churaclaím sa Ghaeilge agus beidh siad le comhlíonadh i ngach ghné den chumarsáid idir Éisteacht, Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht. Féach Aguisín 1.

3. *Snáitheanna an Churaclaim:*

**Eisteacht**

Bíonn éisteacht foirmiúil agus neamhfoirmiúil í gceist sna ceachtanna Gaeilge.

Ba choir go cuirfí ar chumas na bpáistí éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go foirmiúil gach lá – an múinteoir ag úsáid na bhFeidhmeanna Teanga atá roghnaithe chun na téamaí a mhúineadh.

Ba choir go gcuirfí ar chumas na bpáistí éisteacht leis an nGaeilge á húsáid go neamhfoirmiúil mar theanga chaidrimh agus bhainisteoireachta i rith an lae scoile, taobh amuigh de na ceachtanna Gaeilge.

**Labhairt**

Bíonn labhairt ar siúl i ngach rang. Beidh na daltaí ag labhairt go foirmiúil le linn na gceachtanna Gaeilge. Tabhfar deiseanna labhartha neamhfoirmiúla dóibh i rith an lae scoile, taobh amuigh de na ceachtanna Gaeilge, mar shampla, am lóin, am rolla, teachtaireachtaí.

**Léitheoireacht.**

Cuirtear tús leis an Léitheoireacht fhoiméalta i Rang a dó.

Leantar clár ullmhúchnain don leitheoireacht roimhe sin, mar shampla, danta, rannta, leabhair mhóra,. Is máith leis na daltaí nair a léann an múinteoir scéalta greannhar m.sh. an tSraith “Mamó” le Mary Arrigan, “Na Trí Mhuicíní”, ‘Cocailín Dearg’ . Faigheann siad taithí ar an bhfocal scríofa sa timpeallacht – fógraí sa seomra ranga, lipéidí le haghaidh rudaí sa seomra ranga (Prionta Timpeallachta)

Sa snáithaonad ag tuiscint teanga foghlamaíonn na paistí an tearmaíocht ar leith a bhaineann leis an léitheoireacht a chloistéal as Gaeilge agus a thuiscint – oscail do leabhar, stór de ghnáthfhocail a bheith acu óna leathair, focail a aithint ó phictiúr agus ó chomhthéacs na bhfocal.

Beidh tús tuisceanach acu ar an gceangal atá an idir litreacha agus fuaimeanna na Gaeilge a aithint mar shampla, seimhiú ar thúschonsain – bróg – mo bhróg, téann, ní théann.

Déantar na scileanna leitheoireachta a fhorbairt ó Rang 3-6. Déantar cinnte de go bhfuil réimse leathan d’abhar léitheoireachta ag na daltaí.

**Scríbhneoireacht**

Tosófar ar an scríbhneoireacht fhoirméalta Gaeilge i Rang 2, agus déantar cúrsaí scríbhneoireachta agus na scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt ó Rang 3- Rang 6.

Baineann peannaireacht, poncaíocht, athchruthú abairte, litriú, gramadach agus próiseás na scríbhneoireachta leis an snaithaonad seo.

Tá sé an tábhachtach spéis a chothú sa scríbhneoireacht i Rang a dó. Is breá an rud é atmasfeár ranga a léiríonn meas ar an bhfocal scríofa mar sin bíonn obair na bpáistí ar taispeáint agus aischothú dearfach a fháil ar obair phearsanta ón Rang.

Is tríd an scríbhneoireacht a bhreacann na paistí síos a geuid smaointe. Roinneann siad iad le páistí eile tríd a ngiotaí scríbhneoireachta a léamh ós ard, chun eolas a thabhairt dóibh agus chun mothúcháin a spreagadh.

Scríobhann na páistí faoin a gcuid eispéireas.

Tabharfaidh na daltaí faoi chleachtaí oirúinacha scríbhneoireachta a bheidh bunaithe ar ábhar eisteachta cainte is léitheoireachta. Seo leanas samplaí dena cleachtaí scríbhneoireachta atá faoi churam na leabhar 5 agus 6.

1. Ceisteanna ar scéal a fhreagairt
2. Cleachtaí ar phointí gramadaí a scríobh
3. Difríochtaí a aimsín
4. Focail a chiorclu
5. Frásaí a chur in abairtí
6. Focail agus uimhreacha a chur in abairtí
7. Scéalta a scríobh
8. Bearnaí a líonadh agus r.l.

Litriú agus ceartuchán :

- Marcaileann an t-oide na mor earraidi in obair scríofa na ndaltaí.
- Tugann an t-oide ceacht, ó am go ham ar na botuin is coitianta.
- Cuireann na daltaí litriú roinnt focal ar eolas de ghlan mheabhair as gach ceacht leitheoireachta.

Beidh cleachtaí scríbhneoireachta Gaeilge i bpeannaireacht, cóipeáil agus forlíonadh, abaintí nó ailt.

Beidh béim ar nótaí, ar theachtaireachtaí agus ar ailt ghairide agus ar dhialann a choiméad.

4. *Comhtháthú na Snáitheanna:*

Tá na snáithe neamhspleách i gCuraclam na mBunscoile gach moltar iad a comhtháthú go minic sna ceachtanna. Déanfaimid na snáithe a mhúineadh ar bhealach chomhtháite sa scoil seo, de réir mar a oireann.

5. *Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte:*

**Téamaí**

Múintear deich dtéama i ngach rang, ach bíonn éagsúlacht ‘sna topaicaí nó fó-théamaí ó bhliain go bliain.

Seo a leanas na teamaí a mhúintear :

Me Féin  
Sa Bhaile  
Ar Scoil  
Bia  
Eadaí  
An Aimsir  
An Teilifís  
Ag Siopadóireacht  
Caitheamh Aimsirí

## Ócáidí Speisialta

### **Straitéisí**

Baineann an múinteoir úsáid as straitéisí difriúla agus as comhtheascanna éagsúla chun suim na bpaistí a choinneáil sa cheacht Gaeilge. Is é an cuspóir a bhíonn ag an múinteoir do gach ceacht ná go mbeidh na páistí in ann úsáid éigin a bhaint as an nGaeilge í gcomhthéasc a thairríonn leo- is é sin páirt a ghlacadh í ngníomhaíochtaí fíorchumarsáide chomh minic agus is féidir.

Is iad na straitéisí is coitianta a úsáidtear chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt ná:

Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna

Cuichí teanga

Tascanna agus fadhbanna

Druileana

Drámaíocht

Físeáin

Scéalaíocht

Filíocht: rainn, dánta agus amhráin, rabhlóga, tomhais, seanfhocail agus tréanna

### **Modhanna Múinte**

Is é an modh múinte an chaoi a n-eagraíonn an múinteoir an t-ábhar teagaisc agus foghlama agus a gcuireann sé/sí i láthair na bpáistí é.

Is iad na sé mhodh is suntasaí ar féidir úsáid a bhaint astu ná:

an modh díreach

modh na sraithe

modh na lánfhreagartha gníomhaí

an modh closlabhartha

an modh closamhairc

modh ná ráite

Bainim úsáid as na modhanna múinte is fearr a fheileann don ábhar teagaisc agus do bhealaí fhoghlama na bpáistí. Cuirtaer béim ar leith ar cheadfaí ar leith i modhanan áirithe agus bíonn gá ag na páistí le húsáid na gceadfaí go léir chun cabhrú leo an teanga a fhoghlaim.

#### 6. *Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae:*

Seo í an Ghaeilge uile a chloiseann na páistí i rith an lae scoile, taobh amuigh de na ceachtanna foirmiúla Gaeilge. Cloiseann na páistí na múinteoirí ag labhairt as Gaeilge le chéile. Feiceann siad an prionta timpeallachta go leir atá crochta ar fud na scoile. Bíonn Gaeilge le cloisteáil ar an gcóras bolscaire. Nuair a théann na paistí ar thrachtaireachtaí, bimís ag tnúth le Gaeilge a chloisteail uathu. Roghnaíomar na hamanta seo a leanas mar fhoireann teagaisc agus chlairíomar an teanga a bhaineann leo siúd in Aguisin 2: ar maidin; am rolla; am lóin; am dhul abhaile; teachtaireachtaí.

#### 2. Pleanáil Eagraíochta

##### 1. *Pleanáil an Mhúinteora:*

Déanann na múinteoirí sa scoil seo pleanáil ghearrthearmach agus pleanáil fhadtéarmach. Déanann siad tagairt don Phlean Scoile Gaeilge le linn pleanála.

2. *Áiseanna:*

Tá roinnt mhaith áiseanna Gaeilge againn sa scoil seo. Coiníonn na múinteoirí na haiseanna cuí ina gcuid seomraí ranga. Is main linn cur leis na háiseanna Gaeilge i gcónaí, ag braith ar chúrsaí airgid. Tá liosta iomlán na náiseanna againn in Agusín 3

3. *Éagsúlacht Cumais:*

Is féidir leis an múinteoir tascanna agus gníomhaíochtaí a dhearadh chun freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí.

- Is féidir gach páiste a chur ag déanamh an taisc chéanna ach de réir a c(h)umais féin.
- Is féidir tascanna difriúla a dhearadh chun go mbeidh na páistí ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna teanga céanna le mím, le gníomh, le teanga shimplí nó le teanga níos casta.
- Beidh na páistí éagsúla ag léiriú tuiscint na teanga go simplí trí ghníomh a dhéanamh, trí mhím nó trí phictiúr a tharraingt. Beidh siad ag léiriú ábaltacht níos sofaisticiúla in úsáid na teanga trí cheist a chur, trí thús a chur le comhrá agus é a chríochnú.
- D'fhéadfadh an múinteoir tasc nó cluiche a roghnú nach bhfuil ach cainteoir láidir amháin ag teastáil chuige. Is féidir leis an bpáiste sin na treoracha a thabhairt nó na leidchártaí a léamh agus an tasc nó an cluiche a mhíniú do na páistí eile sa ghrúpa. Ní bheidh ag teastáil uathu sin ach tuiscint na teanga agus é sin a léiriú le freagra gairid nó le gníomh.
- Is féidir an t-idirdhealú céanna idir tuiscint agus úsáid a dhéanamh in obair bheirte. D'fhéadfadh gach páiste a bheith ag comhlíonadh na feidhme céanna ach de réir a c(h)umais féin. Mar shampla, sa tasc 'Dathaigh nó tarraing an pictiúr' tugann an páiste is líofa na treoracha ar dtús, agus níl le déanamh ag an dara páiste ach tarraingt nó dathú. Is féidir leis/léisin na treoracha a thabhairt sa dara háit, ach ní gá abairtí fada a úsáid. Comhlíonann an eiseamláir 'Tarraing X' nó 'Cuir X i do phictiúr' an fheidhm chéanna.
- Is féidir le páistí pictiúir a léamh seachas téacs, agus is féidir éisteacht le scéalta seachas iad a léamh. Tá bealaí éagsúla ann chun go mbeidh seans ag gach páiste eolas a chur ar an nGaeilge agus ar an gcultúr

4. *Comhtháthú le hÁbhair eile:*

Déanann an fhoireann teagaisc gach iarracht an Ghaeilge a chomhtháthú leis na hábhair seo a leanas, de réir mar a oireann don mhúinteoir agus don rang.

- Ceol- amhránaíocht
- Drámaíocht
- Corp Oideachais
- Stair agus Tír Eolas-loganimneacha
- Na hAmharcealaíona
- Teagasc Críostaí-paidreacha, iomainn

5. *Measúnú:*

Is próiseas ciorclach é pleanáil, múineadh, foghlaim agus measúnú na Gaeilge, agus is cuid lárnach den phróiseas sin é an measúnú. Is féidir leis an múinteoir a c(h)uid múinteoireachta a phleanáil ar bhonn an eolais a fhaigheann sé/sí ón measúnú. Is féidir eolas leanúnach a bhailiú ar bhonn rialta, ag brath ar pholasaí na scoile agus ar na huirlisí éagsúla measúnaithe atá á n-úsáid ag an múinteoir aonair nó ag an scoil.

## Uirlisí measúnaithe

- Dírbhreatnú an mhúinteora ar an bpáiste
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste
- Próifílí curaclaim
- Trialacha diagnóiseacha
- Trialacha caighdeánaithe

Tá cur síos sa churaclam ar leathanach 142–151 ar conas na huirlisí éagsúla a úsáid chun na ceithre scil teanga a mheasúnú. Nuair a bheidh teacht arthrialacha oibiachtúla is féidir leis an scoil agus an múinteoir aonair na cinn is fearr a fheileann dóibh féin a roghnú agus a úsáid. Idir an dá linn is féidir measúnú neamhfhoirmiúil a dhéanamh ar scileanna teanga an pháiste agus ar Measúnú sa seomra ranga 33 Treoirlínte do Mhúinteoirí don Ghaeilge Fógraí Gaeilge sa seomra ranga dhearcadh an pháiste i leith na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh den cheacht Gaeilge.

### 6. *Obair Bhaile*

Tutgar Obair Bhaile Gaeilge do na páistí ó Rang1 – Rang 6. Bíonn idir tascanna scríbhneoireachta agus tascanna léitheoireachta le déanamh, agus bíonn dánta agus litriú le foghlaim freisin. Déanann na páistí pictiúirí a dhathú agus a mheaitseáil freisin.

Féach an Polasaí Obair Bhaile.

### 7. *Forbairt Foirne:*

Tugaimid tacaíocht dá cheile mar fhoireann teagaisc maidir le múineadh na Gaeilge agus cur i bhfeidhm an curaclaim. Tá múinteoirí ar an bhfoireann scoile le sár scileanna acu sa Ghaeilge agus tagann siad cabhair agus treoir dúinn. Má theastaíonn comhairle uainn, lorgeoimid tacaíocht ón gComhairleoir Gaeilge Tús Maith PPDS.

### 8. *Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:*

Níl Gaeilge ar a dtoil ag tromlach na dtuismitheoirí sa scoil seo agus bheadh roinnt mhaith tuismitheoirí sa scoil seo ó thíortha eile gan Gaeilge ar bith. Mar fhoireann teagaisc déanaimid ár seacht ndícheall dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú i measc na dtuismitheoirí. Sna ranganna naíonán foghlamaíonn na tuismitheoirí Gaeilge ó na páistí mar go mbaineann na páistí an oiread sin suilt aistí mar theanga. Tugann siad tacaíocht don scoil leis na himeachtaí chultúrtha Gaeilge, Seachtain an Gaeilge ach go háirithe. Is mian linn go mbeidh deis ag na tuismitheoirí níos mó taitnimh a bhaint as na himeachtaí seo agus iad a spreagadh chomh maith. Gan aon dabht, tugann siad cabhair do na paistí lena gcuid oibre baile Gaeilge, de reir a gcumais fein sa teanga.

9. *Comhionannas:*

Foghlamaíonn gach páiste sa scoil seo Gaeilge, seachas éinne le doiliúne. Déanfaimid gach iarracht go mbainfiadh gach pasite taitneamh as foghlaim na Gaeilge agus go dtabharfar an desi céanna do chuile pháiste an teana a fhoghlaim sa scoil seo, cuma cén léibheal cumais atá acu.

● **Critéir Rathúlachta** (*lena ndéanfar an polasaí a mheas*)

Tá a fhios againn go bhfuil ag éirí leis an bPlean seo nuair a leanann pleanáil an mhúinteora an Plean seo, agus nuair a leantar na nósanna imeachta atá sa phlean sa seomra ranga.

Ta a fhios againn go bhfuil ag éirí leis an bPlean nuair a fheicimid an dul chun cinn a dhéanann na páistí ó bhliain go bliain agus an leanúnachas ó ranga go rang.

Tugann tuairiscí na gCigirí léargas dúinn ar mar atá ga éirí leis an bPlean seo freisin.

● **Cur i bhfeidhm**

a. Rólanna agus freagracht:

Tá gach múinteoir sa scoil freagrach as an bPlean seo a chur i bhfeidhm.

b. Spriodhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm:

Tá an Plean á cur i bhfeidhm againn cheana ach tá sé mar aidhm againn an Plean athbhreithnithe a cur i bhfeidhm Deireadh Fómhair 2009.

● **Athbhreithniú**

a. Rólanna agus freagracht:

Cuirfidh Hilary an Foireann Teagaisc ar an eolas nuair a theastóidh an chéad athbhreithniú eile.

Spriodháta don athbhreithniú: 2011



• **Daingniú agus Cumarsáid**

**Dhaingnigh an Bórd Bainistíochta an plean seo ar an \_\_\_\_\_ lá de mhí  
\_\_\_\_\_.**

**Sínithe: \_\_\_\_\_, (Cathaoirleach, BB)**

**Ní féidir leis an scoil an polásaí a scaipeadh do gach duine atá suim aige/aici ann. Tá sé ar fáil trí bhaill den Bhórd Bainistíochta, sa scoil agus ar an idirlíon ar [www.scoilursula.com](http://www.scoilursula.com)**